

Ceartúchán ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/403 ón gCoimisiún an 24 Márta 2021 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialacháin (AE) 2016/429 agus (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le deimhnithe sláinte ainmhithe caighdeánacha agus deimhnithe sláinte ainmhithe/oifigiúla caighdeánacha, maidir le coinsíneachtaí de chatagóirí áirithe ainmhithe talún agus a dtáirgí geirmeacha, deimhniúchán oifigiúil maidir leis na deimhnithe sin a thabhairt isteach san Aontas agus maidir lena ngluaiseachtaí idir na Ballstáit, agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2010/470/AE

(Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh L 113 an 31 Márta 2021)

Ar leathanach 201, in Iarscríbhinn I, Caibidil 26, pointe II.2.7.1.:

in ionad: “(1) *cibé acu* [II.2.7.1. coimeádadh iad ar feadh tréimhse 60 lá ar a laghad sular bailíodh na húicítí nó le linn iad a bheith á mbailiú i dtríú tír nó i gcríoch nó i gcríoch de thríú tír nó de chríoch atá saor ó ionfhabhtú leis an víreas gormtheanga (seiritíopaí 1-24), áit nár deimhníodh aon chás d'ionfhabhtú leis an víreas gormtheanga (seiritíopaí 1-24) i measc spriocdhaonra na n-ainmhithe sna 24 mhí roimhe sin;]”,

léitear: “(1) [II.2.7.1. coimeádadh iad ar feadh tréimhse 60 lá ar a laghad sular bailíodh na húicítí nó le linn iad a bheith á mbailiú i mBallstát nó i limistéar de atá saor ó ionfhabhtú leis an víreas gormtheanga (seiritíopaí 1-24), i gcás nár deimhníodh aon chás d'ionfhabhtú leis an víreas gormtheanga (seiritíopaí 1-24) i measc spriocdhaonra na n-ainmhithe sna 24 mhí roimhe sin;]”.

Ar leathanach 202, in Iarscríbhinn I, Caibidil 26, pointí II.2.7.2. agus II.2.7.3.:

in ionad: “(1) *agus/nó* [II.2.7.2. coinníodh iad i gcríoch saor ó ghalair go séasúrach, le linn na tréimhse saor ó ghalair go séasúrach, ar feadh tréimhse 60 lá ar a laghad sular bailíodh na húicítí nó le linn iad a bheith á mbailiú, i dtríú tír, i gcríoch nó i gcríoch de thríú tír nó de chríoch ag a bhfuil clár díothaithe formheasta in aghaidh ionfhabhtú leis an víreas gormtheanga (seiritíopaí 1-24);]

(1) *agus/nó* [II.2.7.3. coinníodh iad i gcríoch saor ó ghalair go séasúrach, le linn na tréimhse saor ó ghalair go séasúrach, ar feadh tréimhse 60 lá ar a laghad sular bailíodh na húicítí nó le linn iad a bheith á mbailiú, i dtríú tír, i gcríoch nó i gcríoch de thríú tír nó de chríoch ina bhfuil toiliú i scríbhinn roimh ré faighte ag údarás inniúil áit tionscnaimh na coinsíneachta úicítí⁽¹⁾/suthanna a tháirgtear *in vitro* ⁽¹⁾ ó údarás inniúil Bhallstát an chinn scríbe maidir leis na coinníollacha le haghaidh bhunú an chreasa sin atá saor ó ghalair agus maidir le glacadh leis an gcoinsíneacht úicítí⁽¹⁾/suthanna a tháirgtear *in vitro*⁽¹⁾;]”,

- léitear:* “(1) *agus/nó* [II.2.7.2. coinníodh iad i gcrios saor ó ghalair go séasúrach, le linn na tréimhse saor ó ghalair go séasúrach, ar feadh tréimhse 60 lá ar a laghad sular bailíodh na húicítí nó le linn iad a bheith á mbailiú, i mBallstát nó i gcrios de ag a bhfuil clár díothaithe formheasta in aghaidh ionfhabhtú leis an víreas gormtheanga (seiritíopaí 1-24);]
- “(1) *agus/nó* [II.2.7.3. coinníodh iad i gcrios saor ó ghalair go séasúrach, le linn na tréimhse saor ó ghalair go séasúrach, ar feadh tréimhse 60 lá ar a laghad sular bailíodh na húicítí nó le linn iad a bheith á mbailiú, i mBallstát nó i gcrios de ina bhfuil toiliú i scríbhinn roimh ré faighte ag údarás inniúil áit tionscnaimh na coinsíneachta úicítí⁽¹⁾/suthanna a tháirgtear *in vitro*⁽¹⁾ ó údarás inniúil Bhallstát an chinn scríbe maidir leis na coinníollacha le haghaidh bhunú an chreasa sin atá saor ó ghalair agus maidir le glacadh leis an gcoinsíneacht úicítí⁽¹⁾/suthanna a tháirgtear *in vitro*⁽¹⁾;]”.

Ar leathanach 202, in Iarscríbhinn I, Caibidil 26, pointe II.2.8.1.:

- in ionad:* “(1) *cibé acu* [II.2.8.1. coinníodh iad ar feadh tréimhse 60 lá ar a laghad sular bailíodh na húicítí nó le linn iad a bheith á mbailiú, i dtríú tír, i gcrióch, nó i gcrios de thríú tír nó de chríoch nár tuairiscíodh EHDV 1-7 ar feadh tréimhse 2 bhliain roimhe sin ar a laghad i ngiorracht 150 km den bhunaíocht;]”,

- léitear:* “(1) [II.2.8.1. coinníodh iad ar feadh tréimhse 60 lá ar a laghad sular bailíodh na húicítí nó le linn iad a bheith á mbailiú, i mBallstát nó i gcrios de nár tuairiscíodh EHDV 1-7 ar feadh tréimhse 2 bhliain roimhe sin ar a laghad i ngiorracht 150 km den bhunaíocht;]”,

Ar leathanach 202, in Iarscríbhinn I, Caibidil 26, pointe II.2.8.3.:

- in ionad:* “(1) *agus/nó* [II.2.8.3. bhí siad ina gcónaí sa tír is onnmhaireoir ina bhfuil na séiritíopaí EHDV seo a leanas ann de réir torthaí oifigiúla: agus tá torthaí diúltacha faighte acu i gcás gach ceann de na tástálacha seo a leanas, tástálacha a rinneadh i saotharlann oifigiúil;]”,

- léitear:* “(1) *agus/nó* [II.2.8.3. bhí siad ina gcónaí i mBallstát ina bhfuil na séiritíopaí EHDV seo a leanas ann de réir torthaí oifigiúla: agus tá torthaí diúltacha faighte acu i gcás gach ceann de na tástálacha seo a leanas, tástálacha a rinneadh i saotharlann oifigiúil;]”.